Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12635/23**

**LIMITE**

**CORLX 843**
**CFSP/PESC 1203**
**RELEX 1002**
**COEST 494**
**FIN 893**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2023/1214 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR (2023) 212.

---

Faoi iamh: HR (2023) 212

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 11 Meán Fómhair 2023**

**le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2023/1214 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

**HR(2023) 212**
*Limited*

PUBLIC

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2023/1214 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán Uimh. (AE) 2023/1214 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(33) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 2023/1214 ón gComhairle, lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ([2]) agus lenar tugadh isteach tuilleadh beart sriantach chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí - gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle. De bhun Airteagal 1(33) de Rialachán (AE) Uimh. 2023/1214, tá infheidhmeacht na mbeart sin i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir glacadh gníomhartha cur chun feidhme ag an gComhairle.

(2) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 2014/833 ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1214 ón gComhairle,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[1] IO L 159I , 23.6.2023, lch. 1.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

PUBLIC

*Airteagal 1*

Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2f de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2023/1214.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*